Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2025
(OR. en)

9416/25
ADD 1

LIMITE

ACP 33
WTO 48
RELEX 657
COAFR 110
FDI 14

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Treoracha caibidlíochta don chaibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair maidir le comhaontú lena n-éascaítear infheistíocht inbhuanaithe |

**Treoracha caibidlíochta don chaibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair maidir le comhaontú lena n-éascaítear infheistíocht inbhuanaithe**

PUBLIC

## I. CUSPÓIRÍ, RAON FEIDHME AGUS PRÍOMHPHRIONSABAIL

1. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) le Poblacht an Chósta Eabhair timpeallacht infheistíochta níos tarraingtí, níos trédhearcaí agus níos intuartha a chruthú chun infheistíochtaí inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a éascú, a fheabhsú agus a spreagadh.

2. Ba cheart é a bheith de chuspóir foriomlán ag an gComhaontú seo feabhas a chur ar shlógadh, mealladh, leathnú agus coinneáil na hinfheistíochta dírí coigríche idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair, go háirithe i gcás micrifhiontar, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, ar bhonn rialacha, bearta agus nósanna imeachta nua-aimseartha simplithe atá bunaithe ar phrionsabail na neamhchlaontachta, na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cobhsaíochta.

3. Ba cheart an Comhaontú seo a bheith cuimsitheach agus uaillmhianach, agus ba cheart toradh chaibidlíocht EDT maidir leis an gComhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe le haghaidh Forbartha, agus na dúshláin shonracha forbartha atá roimh Phoblacht an Chósta Eabhair a chur san áireamh ann. Ba cheart feidhm a bheith ag an gComhaontú seo, i bprionsabal, maidir le gach earnáil eacnamaíoch agus ba cheart saolré iomlán na n-infheistíochtaí a chuimsiú ann, lena n-áirítear gníomhaíochtaí roimh an mbunú, lena linn agus ina dhiaidh.

4. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcomhaontú seo na dálaí cearta a áirithiú chun go mbeidh infheistíocht dhíreach choigríche fabhrach don fhorbairt inbhuanaithe, agus cumas na bPáirtithe rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíocht infheisteoirí ina gcríocha féin á chaomhnú an tráth céanna.

5. Ba cheart an Comhaontú seo a dhíriú ar infheistíocht dhíreach choigríche agus ar chineálacha eile infheistíochta, amhail gluaiseachtaí caipitil gearrthéarmacha nó infheistíochtaí punainne, á gcur as an áireamh. Leis an gComhaontú seo, níor cheart oibleagáidí nua a chruthú, ná oibleagáidí atá ann cheana a mhodhnú, maidir le hinfheistíochtaí a chosaint, maidir le réiteach díospóidí idir infheisteoir agus stát nó maidir le coinníollacha fabhracha i ndáil le rochtain ar an margadh, agus níor cheart ceanglais nós imeachta maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críocha gnó a chumhdach leis.

## II. ÁBHAR BEARTAITHE NA RIALACHA AGUS NA NGEALLTANAS

6. Ba cheart forálacha sonracha a bheith sa Chomhaontú seo maidir le hábhair amhail:

- Trédhearcacht, intuarthacht agus comhleanúnachas na mbeart a bhaineann le hinfheistíocht a fheabhsú (lena n-áirítear, *inter alia*, foilsiú agus infhaighteacht leictreonach beart a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus an chreata dlí is infheidhme maidir le hinfheistíocht; an deis barúil a thabhairt ar dhréachtbhearta rialála, faisnéis maidir le dreasachtaí infheistíochta);
- Nósanna imeachta agus ceanglais riaracháin a chuíchóiriú agus a bhrostú, chomh maith le dea-rialachas a áirithiú i nósanna imeachta údarúcháin (lena n-áirítear, *inter alia*, nósanna imeachta riaracháin agus ceanglais doiciméadachta; úsáid iarratas i bhformáid leictreonach; tráthchláir agus tréimhsí chun iarratais a chur isteach agus a riar; caighdeáin dea-rialachais maidir le hiarratais a phróiseáil; trédhearcacht maidir le táillí a íoc; ionaid ilfhreastail le haghaidh iarratais ar údarú);
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a fheabhsú (lena n-áirítear, inter alia, pointí fócasacha a fheidhmeoidh mar chéad phointí teagmhála d'fhiosrúcháin infheisteoirí; caidreamh le páirtithe leasmhara; sásraí chun díospóidí a chosc agus fadhbanna a réiteach; measúnuithe tionchair; comhordú idirghníomhaireachta intíre; naisc idir infheisteoirí coigríche agus an geilleagar óstach);
- Rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe agus le hinfheistíocht fhreagrach (lena n-áirítear, *inter alia*, caighdeáin, rialacha agus gealltanais maidir le saothar, an comhshaol agus an aeráid arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú; tiomantas d'ionstraimí ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le hiompar freagrach gnó; idirphlé agus comhar maidir le saincheisteanna leasa choitinn i ndáil le saothar, an comhshaol agus an aeráid a bhaineann le hinfheistíocht; príomhchoinbhinsiúin agus príomhphrionsabail idirnáisiúnta chun sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, calaois chánach agus imghabháil cánach a chosc agus a chomhrac a chur chun feidhme);

PUBLIC

– Cur chun feidhme inbhuanaitheacht na n-infheistíochtaí i slabhraí luacha agus earnálacha leasa frithpháirtigh (go háirithe earnáil an chócó, ag cur leis na gealltanais a leagtar amach sa Tionscnamh Cócó Inbhuanaithe agus sa Treochlár maidir le Cócó Inbhuanaithe, d'fhonn infheistíocht agus cur chun feidhme na reachtaíochta inbhuanaitheachta ábhartha a éascú a thuilleadh);

– - Comhar déthaobhach a threisiú maidir le bealaí chun infheistíocht a éascú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a áirithiú (lena n-áirítear, inter alia, fothú acmhainneachta arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus cúnamh a thabhairt chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na forálacha maidir le forbairt inbhuanaithe; socruithe institiúideacha chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt; idirghabháil agus sásraí um réiteach díospóidí idir Stáit).

PUBLIC